



Graceville



Ag déanamh staidéir ar obair an **Land League** i gConamara a bhí mé nuair a fuair mé amach gur tugadh slua mór daoine as Conamara siar go **Minnesota** os cionn céad bliain ó shin, gur caitheadh amach ar na *prairies* iad agus gur dúradh leo a bheith ina bhfeilméirí tréana cruithneachta ann. Bhí caint mhór ar **Rath Cairn** ach ba mhó de scéal é seo - agus bhí sé imithe as cuimhne na ndaoine.

Dúradh sna seanpháipéir gur go **Graceville** a tugadh iad. Cá raibh **Graceville**? Ghlaoigh mé ar mhalartán Mheiriceá lá agus d'fhiafraigh den bhean a d'fhreagair mé an raibh a leithéid de bhaile acu. Dúirt sí go raibh, thiar i Minnesota. Cúpla nóiméad ina

dhiad sin bhí mé ag caint le oifig poist na háite. B'fhada liom go ngabhfaínn féin siar agus tháinig an lá a ndeacha. Ba é **Tomás Ó Ceallaigh** a bhí i gceannas na gcláracha i **Raidió na Gaeltachta** ag an am. Chuidigh seisean liom an turas a dhéanamh.

Micheál Ó Meallaigh, Billy Keady, Seosamh Ó Cuaig agus Ciarán Ó Tuairisg i nGraceville, Minnesota

Tháinig trí chlár Raidió as, ach níor shásaigh sin mé - b'fhacthas dom ón tús go ndéanfadh sé an-chlár teilifíse. Ní easpa ábhair a bheadh ann. Ba sheo dream as Conamara agus as Maigh Eo, a lonnaíodh ar thalamh a baineadh le lámh láidir de na **hIndians** achar gearr roimhe sin - de threibh na **Sioux**, mar a thug na daoine bána orthu.

Chaithfí an ceamara a thabhairt ar an reservation i **South Dakota** agus a leagan siúd den scéal a fháil. Chaithfí léiriú a thabhairt freisin ar an gcaoi ar cuireadh droch-cháil ar mhuintir Chonamara i **Minnesota** - míniú a thabhairt ar an léargas gránna atá tugtha orthu sna leabhra staire ann.

De réir a chéile a tuigeadh dhom gur scéal a bhí ann a chuaigh ar fud Mheiriceá ag an am - gur dream a

bhí iontu a sáinníodh i gcoimhlintí móra nach raibh smacht acu orthu - coimhlintí creidimh go háithrid.

Sé **Bob Quinn** a léirigh an clár teilifíse a rinneadh sa deireadh. Ba dheacair léiritheoir níl fear a fháil. Ní shin le rá nach raibh argóintí binibeacha againn faoi threo an chláir. Ba mhinic nuair a d'éiríodh muid fíor-chantalach le chéile go ndeireadh **Bob** go gcosnóinnse muintir Chonamara is cuma céard a bheadh déanta acu agus go ndeirinnse ar ais leis nach raibh ann ach bobarún as **Bleá Cliath** nar thuig an scéal.

Ach is dóigh gurbh í an fhírinne a bhí ón mbeirt againn. Rinne seisean socrú amháin liom a réitigh an cás cuid mhór dhom - dúirt sé go nglacadh sé le pointe ar bith uaim dá mbeinn in ann an pointe sin a chruthú. Ba mhór an dúshlán é scaití.

Feicfear muintir Chonamara agus muintir **Minnesota** sa gclár seo.



Beidh sliocht an dreama thall ann agus a ngaolta i gConamara. Cloisfear scéal na **nIndians**. Pléifidh scríbhneoirí agus staraithse an cás. Leanfar an dream a d'fhág an '**Connemara Colony**' agus taispeánfar an áit ar chuir siad fúthu i **St Paul** - an '**Connemara Patch**', mar tugadh air.

Níl a fhios agam cén chaoi a dtaitneoidh sé le pobal an lae inniu ach déarfadh mé rud amháin faoi: tá an bobarán as Conamara agus an bobarún as **Bleá Cliath** sásta seasamh leis; comhréiteach eadrainn atá ann.

Tá ábhar eile bróid le lua - foireann óg **Ghaeltachta** a bhí faoi cheannas **Bhob** agus é ag déanamh na hoibre seo. Sílim nach ndearna siad go dona.

Ba ghroiuil an mhaise do **Christy King** agus do **Theilifís na Gaeilge** cead a thabhairt an scannán a thaispeáint ag **Pléaráca Chonamara**.

Taispeánfar go poiblí den chéad uair é i **gCeol na Mara** sa **Spidéal** ar an gceathrú lá déag den mhí seo ag 8 p.m.

Beidh mise i bhfolach i gcoirnéilín den halla ag fanacht go bhfeicfidh mé céard a cheapfas sibh.

Déanadh **Bob** a chuid socruithe féin!

- Seosamh Ó Cuaig

GRACEVILLE: Léiriú Poiblí - 14 Meán Fómhair ag 8 p.m. i gCeol na Mara, An Spidéal



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Choláiste Ollscoile na Gaillimhe
An Cheathrú, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-95101

Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta ó Bhearna go Carna

Cúnamh i labhairt na Gaeilge do Dhaoine Fásta (Gailltacht agus Gaeltacht)

Pacáiste Féin-Teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge

Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge
Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

TURASÓIREACHT CHONAMARA AGUS ÁRAINN

OIFIG EOLAIS

ROS AN MHÍL
CO. NA GAILLIMHE

FÓN/FACS:

091-572582

Gach rath ar an bhFeile